



TRÍ CHOMHARSA Ó CHOMHPHÁIRTÍOCHT AN OIRTHIR SA CHUGAS THEAS

Le beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir atá ag AE, arna ghlacadh in 2009, cumhdaítear sé Stát iar-Shóivéadacha: an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an tSeoirsia, an Mholdóiv agus an Úcráin. Cruthaíodh an beartas chun tacú le hiarrachtaí athchóirithe polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha sna tíortha sin agus é mar aidhm leis an daonlathú, an dea-rialachas, an tslándáil fuinnimh, cosaint an chomhshaoil, agus forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a mhéadú. Tá na comhaltaí go léir (seachas an Bhealarúis a bhfuil a comhaltas ar fionraí) rannpháirteach i dTionól Parlaiminteach Euronest.

Tá Toscaireacht ag Parlaimint na hEorpa don chaidreamh leis an gCugas Theas, a dhéanann formhaoirseacht ar an gCoiste Parlaiminteach Comhlachais (PAC) leis an tSeoirsia, ar an gCoiste Parlaiminteach Chomhpháirtíochta (PPC) leis an Airméin agus ar an gCoiste um Chomhar Parlaiminteach (PCC) leis an Asarbaiseáin, agus a dhéanann faireachán ar obair Ionadaí Speisialta AE don Chugas Theas agus ar an ngéarchéim sa tSeoirsia (ISAE).

AN TSEOIRSIA

Bhí an bua ag an gcomhghuaillíocht 'Georgian Dream' (GD) i dtoghchán uachtaránachta na Seoirsia in 2018 agus i dtoghcháin pharlaiminte na Seoirsia in 2016 agus leis an mbua sin, dearbhaíodh claonadh Eora-Atlantach na tíre. Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an tSeoirsia, lena n-áirítear Comhaontú Domhain Cuimsitheach Saorthrádála (DCFTA), i bhfeidhm i mí Iúil 2016. Tá iarrachtaí móra déanta ag an tSeoirsia ó thaobh a reachtaíocht a ailíniú le caighdeáin AE, as ar eascair *inter alia* tarscaoileadh ar víosaí gearrfhanachta i limistéar Schengen ó mhí an Mhárta 2017 i leith. Is é AE an chomhpháirtí trádála is mó atá ag an tSeoirsia, le sciar 27% dá trádáil iomlán (2018). Le tacaíocht airgeadais AE, díritear ar fhorbairt eacnamaíoch, dea-rialachas, gluaiseacht daoine agus oideachas. Faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht, meastar cistí don tréimhse 2017-2020 a bheith idir EUR 371 mhilliún agus EUR 453 mhilliún.

Tá deighilt mhór pholaitíochta (atá léirithe i dtimpeallacht na meán freisin) fós le feiceáil i ndaonlathas na Seoirsia, le teannas seasmhach idir an chomhghuaillíocht rialála agus an freasúra, agus líomhaintí athfhillteacha ag teacht chun solais maidir le ceartas roghnaitheach agus feachtais frithéillithe a bhfuil bunchúis pholaitiúil ag gabháil leo. Le próiseas athchóirithe bunreachtúil 2017-2018, rinneadh tuilleadh géaraithe ar an deighilt sin. D'ainneoin sin, mar thoradh ar an bpróiseas sin, bhí rath ar éabhlóid chóras



polaitiúil na Seoirsia i dtreo córas parlaiminteach le hionadaíocht chionmhar iomlán ó 2024 ar aghaidh, agus rinne Coimisiún na Veinése i gComhairle na hEorpa agus AE araon measúnú dearfach air i ndáil leis sin.

Agus aghaidh á tabhairt ar ionghabháil mhall ach leanúnach na Rúise ar an Oiséit Theas agus ar an Abcáis, tá na Seoirsigh ag brath go mór ar bhogadh níos gaire do AE agus do ECAT. Tá béim leagtha ag AE ar a thábhachtaí is atá sé an tsáinn i réigiúin na hOiséite Theas agus na hAbcáise a réiteach go síochánta, agus sláine chríochach na Seoirsia á hurramú ag an am céanna. Tacaíonn AE le hiarrachtaí réitigh choinbhleachta a ndearnadh trí obair ISAE, trí Mhisean Faireacháin AE agus trí Ionstraim AE lena gcuirtear le Cobhsaíocht agus le Síocháin, agus dá bhrí sin, comhlánaítear Idirphlé Idirnáisiúnta na Ginéive. Is comhartha iontaoibhe sa chaidreamh idir an dá thaobh é an t-Idirphlé Straitéiseach Bliantúil idir an tAontas agus an tSeoirsia. Tá cuid mhór déanta ag an tSeoirsia maidir le rannchuidiú le roinnt oibríochtaí de chuid Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an Aontais, bunaithe ar chomhaontú réime um rannpháirtíocht na Seoirsia, a tháinig i bhfeidhm in 2014.

A. Seasamh Pharlaimint na hEorpa agus comhar idirpharlaiminteach

I mí an Mhárta 2019, tionóladh an t-ochtú cruinniú de PAC AE-na Seoirsia. Glacadh ráiteas deiridh agus moltaí ag an gcruinniú, ina dtarraingítear aird ar dhul chun cinn maidir le comhchuibhiú agus le hathchóirithe leantacha, agus ag an am céanna iarrtar go ndéanfar tuilleadh iarrachtaí i réimsí áirithe, lena n-áirítear neamhspleáchas agus éifeachtúlacht na mbreithiúna, dlí an tsaothair agus neamhidirdhealú. Athdhearbhaítear sa téacs freisin tacaíocht sheasmhach Pharlaimint na hEorpa do neamhspleáchas, ceannasacht agus sláine chríochach na Seoirsia laistigh de theorainneacha na tíre sin, ar theorainneacha iad a aithnítear go hidirnáisiúnta. Sa [rún](#) uaithi i mí na Samhna 2018 maidir le cur chun feidhme an chomhaontaithe comhlachais, ba dhíol sásaimh don Pharlaimint ‘an bealach athchóirithe leanúnaigh agus an dul chun cinn atá déanta’ agus an comhaontú agus DCFTA á gcur chun feidhme.

B. Breathnóireacht toghcháin

D’óstáil an tSeoirsia toscaireachtaí ó Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE ODIHR), ina bhfuil Feisirí de Pharlaimint na hEorpa rannpháirteach agus a dhéanann faireachán ar thoghcháin parlaiminte, uachtaránachta agus áitiúla na Seoirsia. Measadh go raibh na toghcháin parlaiminte in 2016 daonlathach agus cothrom i gcoitinne, in ainneoin roinnt neamhrialtachtaí nós imeachta agus líomhaintí maidir le himeaglú. Bhuaigh an páirtí ‘GD’, agus an ‘tromlach bunreachtúil’ (75 % d’Fheisirí) is gá chun leasú ar an mbunreacht a rith á áirithiú aige. Cháin ESCE agus an tAontas toghchán uachtaránachta 2018 mar gheall ar mhí-úsáid acmhainní riaracháin, deighilt thromchúiseach na meán príobháideach agus stocaireacht dhiúltach.

AN AIRMÉIN

Tá caidreamh éiginnte ag an Airméin le AE, ach seans go bhfuil an t-am tagtha le haghaidh tús nua. Ar lámh amháin, chinn an Airméin ballraíocht a ghlacadh san Aontas Eacnamaíoch Eoráiseach (EAEU) leis an mBealarúis, leis an gCasacstáin agus leis an



Rúis go gairid sular tháinig an tAontas sin i bhfeidhm an 1 Eanáir 2015, agus dá bhrí sin, cuireadh deireadh leis an bpróiseas caibidlíochta maidir le comhaontú comhlachais le AE. Ar an lámh eile, i mí na Nollag 2015, seoladh caibidlíocht maidir le comhaontú nua idir an tAontas agus an Airméin, bunaithe ar luachanna AE ach ag luí le hoibleagáidí nua Eireaváin *vis-à-vis* EAEU, agus a bhuí leis an bpragmatachas a léirigh an dá thaobh, tugadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe (CEPA) i gcrích go pras. Cuireadh an comhaontú i bhfeidhm go sealadach i mí an Mheithimh 2018 agus tá sé ar feitheamh ar dhaingniú ag Ballstáit uile AE.

Tháinig athrú radacach ar an staid pholaitiúil san Airméin i mí na Bealtaine 2018, nuair a d'éirigh le ceannaire an fhreasúra, Nikol Pashinyan, cumhacht a ghabháil mar thoradh ar agóidí sráide síochánta i gcoinne Pháirtí Poblachtach na hAirméine (RPA) ('Réabhlóid na Veilbhite'). Le os cionn 70 % den vóta, bhí ollbhua ag bloc an phríomhaire nua sna toghcháin thobann pharlaiminte i mí na Nollag 2018 agus theip ar RPA an tairseach de 5 % chun dul isteach sa pharlaimint a bhaint amach, rud a léiríonn leibhéal na tacaíochta i measc an phobail d'athrú. Tá go leor dúshlán roimh an rialtas nua, go háirithe maidir le forbairt eacnamaíoch, agus maidir lena chlár oibre um athchóiriú i réimse an smachta reachta, na trédhearcachta agus an chomhraic i gcoinne an éillithe. Cuirtear tacaíocht AE ar fáil don Airméin faoin Ionstraim Eorpach um Chomharsanacht den chuid is mó, le leithdháileadh tascach idir EUR 144 mhilliún agus EUR 176 mhilliún beartaithe don tréimhse 2017-2020.

Bhí an Airméin páirteach i gcoinbhleacht fhadmharthanach leis an Asarbaiseáin faoi stádas réigiún Nagorno-Karabakh ar feadh níos mó ná 30 bliain. Shroich an teannas a bhuaicphointe ó 1994 le linn 'chogadh ceithre lá' i mí Aibreáin 2016. Níl dlúthchaidreamh idir an Airméin agus an Tuirc, toisc go bhfuil athoscailt teorainn na Tuirce ag brath ar dhul chun cinn na hAirméine i dtaca leis an gcoinbhleacht faoi Nagorno-Karabakh a réiteach. Is díol sásaimh don Aontas na malartuithe tuairimí a tharla le déanaí idir Uachtaráin agus Airí Gnóthaí Eachtracha na hAsarbaiseáine agus na hAirméine agus na bearta a tugadh isteach chun teannas a laghdú feadh na teorann idir an Airméin agus an Asarbaiseáin agus feadh na líne teagmhála idir Karabakh agus an Asarbaiseáin.

A. Seasamh Parlaimint na hEorpa agus comhar idirpharlaiminteach

Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú do CEPA i mí Iúil 2018, le [rún](#) atá ag gabháil leis, inar mhol sí muintir na hAirméine as an aistriú síochánta cumhachta. At teacht le CEPA, athraíodh an Coiste um Chomhar Parlaiminteach (PCC) go dtí an Coiste Parlaiminteach Comhpháirtíochta (PPC). Bhí an chéad chruinniú ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2018. Bhí an ráiteas comhpháirteach a tháinig as an gcruinniú sin dírithe, go háirithe, ar chur chun feidhme CEPA, an daonlathas, an smacht reachta agus saincheisteanna maidir le dea-rialachas agus ar dhúshlán slándála réigiúnacha. I mí Aibreáin 2015, ghlac Parlaimint na hEorpa [rún](#) maidir le comóradh céad bliain chinedhíothú na hAirméine.

B. Breathnóireacht toghcháin

D'óstáil an Airméin Feisirí de Parlaimint na hEorpa — mar chuid de mhisin bhreathnóireachta toghchán de chuid ESCE ODIHR — roinnt uaire, lena n-áirítear toghcháin thobann pharlaiminte na tíre in 2018. Tháinig feabhas suntasach ar eagrú na



dtoghchán san Airméin. Measadh gur éirigh go maith le toghcháin 2018, go raibh siad dea-eagraithe agus gan mórán neamhrialtachtaí, agus [thug](#) toscaireacht Pharlaimint na hEorpa laghdú mór ar mhíchleachtas faoi deara.

AN ASARBAISEÁIN

I mí Feabhra 2017, seoladh an chaibidlíocht maidir le ‘comhaontú cuimsitheach’ idir AE agus an Asarbaiseáin. Leis an gcomhaontú nua, tabharfar aghaidh ar shaincheisteanna polaitiúla, trádála, fuinnimh agus saincheisteanna sonracha eile, lena n-áirítear coinníollacha maidir leis an bhféidearthacht atá ann córas taistil gan víosa a bhunú. Ba cheart a áireamh sa chomhaontú nua forálacha maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES) agus ábhair nach mbaineann le CBES, lena n-áirítear forálacha láidre maidir leis an daonlathas, an smacht reachta agus cearta bunúsacha. Is comhpháirtí trádála ríthábhachtach é AE don Asarbaiseáin. Is ionann trádáil leis an Aontas agus níos mó ná 40 % de thrádáil iomlán na tíre (2018), go príomha mar gheall ar onnmhairithe ola go AE. Is dócha go dtiocfaidh méadú breise ar onnmhairithe fuinnimh na hAsarbaiseáine go AE tar éis thabhairt i gcrích an tionscadail maidir le Conair Gháis an Deiscirt, agus é mar aidhm leis gás ó Mhuir Chaisp a thabhairt go dtí an Eoraip.

Tá an Asarbaiseáin rangaithe sa 149ú háit as 167 dtír in ‘Innéacs an Daonlathais 2018’ ón *Economist Intelligence Unit* agus tá sé aicmithe mar ‘not free’ [gan saoirse] sa tuarascáil ‘Saoirse ar Domhan 2018’. Tháinig an tUachtarán Ilham Aliyev, atá ina cheathrú téarma uachtaránachta faoi láthair, i gcomharbacht ar a athair, Heydar Aliyev, in 2003. In 2016, rinneadh leasú ar an mbunreacht, *inter alia* chun síneadh a chur leis an téarma uachtaránachta ó chúig bliana go seacht mbliana agus chun an post ‘an Chéad Leas-Uachtarán’ a chruthú. In 2017, cheap an tUachtarán a bhean chéile féin sa phost sin.

Bhí an Asarbaiseáin páirteach i gcoinbhleacht fhadmharthanach leis an Airméin faoi stádas réigiún Nagorno-Karabakh ar feadh níos mó ná 30 bliain. Shroich an teannas a bhuaicphointe ó 1994 le linn ‘chogadh ceithre lá’ i mí Aibreáin 2016. Tugann AE tacaíocht sheasmhach d’iarrachtaí Chomhchathaoirligh Ghrúpa ESCE Mhionsc agus dá mBunphrionsabail 2009, agus é mar aidhm leo an choinbhleacht a réiteach ar bhealach síochánta.

A. Seasamh Pharlaimint na hEorpa agus comhar idirpharlaiminteach

Tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa arís agus arís eile gur cúis imní di staid chearta an duine san Asarbaiseáin. I [rún](#) uaithi in 2015, d’iarr an Parlaimint ar údaráis na hAsarbaiseáine deireadh a chur leis an tsatailt faoi chois ar an tsochaí shibhialta agus ar obair maidir le cearta an duine. Saoradh an gníomhaí, Leyla Yunus, ón bpríosún in 2015 tar éis brústocaireacht dhian ó Parlaimint na hEorpa agus tacaíocht dhaonnúil/sláinte. I [rún](#) uaithi in 2017, cháin an Parlaimint fuadach agus coinneáil an iriseora Asarbaiseánaigh, Afgan Mukhtarli, agus chuir sí a cúis imní in iúl maidir le staid na meán san Asarbaiseáin. I mí Eanáir 2019, rith an Parlaimint [rún](#) ina n-iarrtar ar an Asarbaiseáin Mehman Huseynov, blagálaí frithéillithe, agus príosúnaigh pholaitiúla eile a shaoradh láithreach. Tugadh pardún do Huseynov i mí an Mhárta 2019 in éineacht le roinnt blagálaithe, iriseoirí agus ionadaithe eile ó pháirtithe polaitiúla agus ENRanna.



Tosaíodh caidreamh idirpharlaiminteach oifigiúil arís in 2016, tar éis briseadh ceithre bliana. Bhí an 15ú cruinniú den Choiste um Chomhar Parlaiminteach idir AE agus an Asarbaiseáin ar siúl in Baku i mí na Bealtaine 2018 agus chríochnaigh sé le dearbhú comhpháirteach lena gcuirtear i bhfios go háirithe an acmhainneacht i leith caidreamh eacnamaíoch níos dlúithe le seoladh na caibidlíochta maidir le comhaontú nua, an tábhacht a bhaineann le Conair Gháis an Deiscirt, an tábhacht a bhaineann le dul chun cinn i réimsí chearta an duine agus na saoirsí chomh maith leis an daonlathas agus an smacht reachta, agus an gá atá le réiteach síochánta agus marthanach a fháil ar choinbhleacht Nagorno-Karabakh a luaithe agus is féidir. Ghlac an Pharlaimint rún i mí Iúil 2018 i dtaca leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú déthaobhach nua, inar cuireadh i dtreis go bhfuil neartú an chaidrimh coinníollach ar an bhfíoras go gcaomhnódh agus go n-urramódh an Asarbaiseáin bunluachanna agus prionsabail an daonlathais, an smachta reachta, an dea-rialachais, agus na hurraime do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha.

B. Breathnóireacht toghcháin

D'óstáil an Asarbaiseáin Feisirí de Pharlaimint na hEorpa mar chuid de mhisin thoghchánacha ESCE ODIHR. Mar sin féin, i bhfianaise gur measadh nár baineadh amach ceanglais idirnáisiúnta i dtoghcháin na tíre arna mbreathnú ag na misin sin, agus i bhfianaise go bhfuil moltaí fós le cur chun feidhme, chinn an Pharlaimint gan breathnóirí a sheoladh chuig na toghcháin parlaiminte in 2015 ná chuig na toghcháin uachtaránachta in 2018. Dúirt misean ODIHR chuig na toghcháin uachtaránachta in 2018 gur 'tharla na toghcháin i dtimpeallacht pholaitiúil shriantach agus faoi chreat dlíthiúil lena gcuirtear srian ar chearta agus saoirsí bunúsacha, ar réamhriachtanais iad d'fhíor-thoghcháin dhaonlathacha'.

Michal Jiráček
04/2019

